Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2012**

# EALAÍN

## Cumadóireacht Shamhlaíoch agus Ábhar Neamhbheo

### Ardleibhéal

Tá 100 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 25% de na marcanna iomlána ar an Ealaín.

**Dé Luain, 30 Aibreán – Dé hAoine, 11 Bealtaine     Maidin, 9.30 - 12.00**

Ba chóir an páipéar seo a thabhairt do na hiarrthóirí **Dé Máirt, 17 Aibreán.**

## Treoracha

Tá cead agat oibriú le dath, monacróm, meáin mheasctha, colláis, nó meán oiriúnach ar bith eile. Níl cead olaphéinteanna ná ábhar orgánach meatach a úsáid, áfach. Níl cead agat áiseanna mar stionsail, teimpléid, íomhánna rianaithe, obair ealaíne réamhullmhaithe ná íomhánna fótagrafaíochta a thabhairt isteach sa scrúdú.

Scríobh do Scrúduimhir go soiléir sa spás atá ann di ar do bhileog A2. Scríobh an teideal – ‘Cumadóireacht Shamhlaíoch’ nó ‘Ábhar Neamhbheo’ – díreach faoi do Scrúduimhir.

Más mian leat oibriú ar bhileog dhaite, **ní mór don fheitheoir an bhileog sin a shíniú sula dtosaíonn an scrúdú** á dheimhniú go bhfuil sí folamh. Uasmhéid na bileoige: A2.

## Roghnaigh ceann amháin díobh seo a leanas:

1. Déan **Cumadóireacht Shamhlaíoch** bunaithe ar cheann **amháin** de na sleachta tuairisciúla: A, B, C, D. Ba chóir duit an pointe tosaigh agus an bunús atá le do Chumadóireacht Shamhlaíoch a lua ar chúl na bileoige líníochta agus an bhaint atá acu leis an sliocht tuairisciúil atá roghnaithe agat a chur in iúl.

2. Déan **Cumadóireacht Ábhar Neamhbheo** bunaithe ar fhoireann nithe a bhfuil tuairisc orthu i gceann **amháin** de na sleachta tuairisciúla A, B, C, D nó a mheabhraíonn na sleachta sin duit. Ní mór duit nithe ábhartha a thabhairt chuig ionad an scrúdaithe chun go mbeidh ar do chumas **do chumadóireacht ábhar neamhbheo féin** a leagan amach. **Ní mór é seo a dhéanamh go tráthúil, roimh thús an scrúdaithe.** Ní mór duit an pointe tosaigh agus an bunús atá le do Chumadóireacht Ábhar Neamhbheo a lua ar chúl na bileoige líníochta agus an bhaint atá acu leis an sliocht tuairisciúil atá roghnaithe agat a chur in iúl.

3. Déan **Cumadóireacht Theibí** bunaithe ar cheann **amháin** de na sleachta tuairisciúla A, B, C, D agus a fhorbróidh tú ón sliocht tuairisciúil a roghnaíonn tú. Ba chóir an pointe tosaigh agus an bunús atá leis an gcumadóireacht theibí a lua ar chúl na bileoige líníochta agus an bhaint atá acu leis an sliocht tuairisciúil atá roghnaithe agat a chur in iúl. Luaigh go soiléir cé acu 1 – Cumadóireacht Shamhlaíoch nó 2 – Ábhar Neamhbheo atá i do Chumadóireacht Theibí.

# Sleachta Tuairisciúla

## Sliocht A

Ag rothaíocht trí mhargadh na míol in Jaffa a bhíomar nuair a tharla dúinn a bheith i gcaolsráid, ag fí ár mbealaigh thar éadaí seanré, thar chairn de rugaí Oirthearacha agus thar mhacasamhail lánmhéide neoin de Marilyn Monroe.

An lá roimh lá saoire a bhí ann agus bhí cosáin na sráide plódaithe le siopadóirí – saighdiúirí faoi éide ar cead, teaghlaigh agus a gcuid páistí ag fóisíocht timpeall. Dóbair don duine 14 bliana d'aois atá agam féin díoltóir seodra a leagan. Ansin scréach mo chara Judy: thosaigh tiománaí a bhí páirceáilte ar an gcosán ag cúlú amach as a ionad.

Bhí mé ag tosú ag smaoineamh ar a chiallmhaire agus a bhí an turas seo ach uair an chloig níos déanaí, agus sinn ag svíomhadaíocht trí ghnócheantar an bhaile ar chosán leathan faoi scáth, ní fhéadfainn a shamhlú go bhfeicfinn an ardchathair fhuadrach seo cois farraige in aon slí eile. Agus maidir le turasóirí, tugann an rothaíocht léargas níos caidreamhaí dóibh ar an bhfíorshaol anseo.

Thóg mé rothair ar cíos i siopa gar dár n-óstán, agus i rith trí lá bhíomar ag rothaíocht ar feadh na trá, trí cheantair chónaithe agus trí lárionad gnó agus cultúir na cathrach. Rothaíomar ó thuaidh den chathair fosta ar chonair a chloíonn go dlúth leis an Meánmhuir. Stopamar chun cáis na gceardaithe agus earraí bácáilte a bhlaiseadh i margadh na bhfeirmeoirí ag an seanchalafort atá díreach lastuaidh den chathair.

Bhí an trá ciúin an mhaidin ar thugamar bealach an chósta orainn féin. Ní raibh a dhath ar bith le feiceáil de na *chaise longues* plaisteacha a raibh an gaineamh breac leo an lá roimhe sin. Rothaíomar feadh an chosáin leathain agus torann na mbonn ag scaipeadh na gcolúr den siúlbhealach romhainn. Ar an trá ollmhór phoiblí, bhí gaotha na hoíche tar éis an gaineamh a mhúnlú i mbeanna boga scolbáilte. Cheana féin bhí beirt mharcach toinne i gcultacha uisce ag siúl amach sa Mheánmhuir ghorm agus iad ag iompar na gclár. Bhí roinnt úinéirí madraí ag rith a labradór "ar thrá na madraí" mar a thugann muintir na háite ar an stráice gainimh sin a gceadaítear madraí air. Bhí sé éirí te agus mar sin pháirceálamar ár rothair ag an bPáirc, díreach le hais an chladaigh, agus thógamar sloganna fada as ár mbuidéil uisce.

Ar theacht dúinn chomh fada leis an margadh bia a bhí amuigh faoin aer, stuálamar ár rothair agus throideamar trí na sluaite chun dul ag margaíocht faoi T-léinte. Cheannaíomar ológa spíosracha, cileagram aibreog agus bhlaiseamar den chéad uair sú pomagránaite úrfháiscthe. Ansin d'fhilleamar ar ár n-óstán, áit ar thosaíomar a phleanáil rothaíocht an lae dár gcionn.

Arna chóiriú as *Journeys in the Fast Lane: Biking in Tel Aviv* le Caryn Rabin as The New York Times, 2011.

## Sliocht B

Go teanntásach dátheangach a bhí na comharthaí in aerfort Bhaile Átha Cliath, gach comhartha ó "Slí Amach" go "Mná" clóbhuailte i nGaeilge agus i mBéarla.

Tá cuntas maith ar fáil faoin am seo ar athrú na cathrach ina hardchathair iltíreach Eorpach. Ach níor ullmhaigh na tuairiscí roimh ré mé don mheascán idirnáisiúnta a chonaic mé ar shráideanna Bhaile Átha Cliath i rith na gceithre lá a chaith mé ansin. Tá pobal Bhaile Átha Cliath chomh hóg agus chomh faiseanta sin gur éasca cappuccino maith a fháil sna caiféanna taobh ó thuaidh nó taobh ó dheas den Life, an abhainn leathan, cineál donn, a roinneann an chathair ina dhá leath. Buntáiste eile é a bhaineann leis an iltíreachas go mbíonn an chóiríocht phointeáilte ghalánta chéanna ar fáil in Éirinn anois agus a mbeifeá ag súil léi in aon ardchathair Eorpach. Dhá leaba le cuilteoga leapa de veilbhit dhonnrua sóch agus adhairteanna de shíoda Iodálach a bhí ag fanacht liom nuair a thit mé as mo sheasamh faoi thrombhabhta neamhghnách tuirse ón aerthuras trasna an Atlantaigh. Bhí Sráid Grafton timpeall an bhloic uaim, limistéar siopadóireachta do choisithe amháin i mBaile Átha Cliath, áit a mbíonn siopadóirí ag spaisteoireacht, díoltóirí bláthanna ag cleachtadh a gceirde, agus ceoltóirí sráide le giotáir ag casadh amhráin Jimi Hendrix agus Dylan ar mhaithe le sóinseáil bheag. Rinne mé spaisteoireacht amach i measc na siopadóirí níos déanaí ag am lóin agus d'éalaigh mé liom isteach i gcaife. Istigh san fhoirgneamh seo ón naoú haois déag, lena sonraí aeracha bréag-Éigipteacha, d'aimsigh mé tábla ar an dara hurlár ag an bhfuinneog os cionn na sráide. D'ordaigh mé anraith prátaí, arán donn agus caife le linn dom a bheith ag seiceáil mo léarscáile agus

ag fáil amach cá raibh mé.

I rith an chúpla lá ina dhiaidh sin thaistil mé ar dhá thaobh na Life. Thrasnaigh mé arís agus arís eile ar dhroichead coisithe sin na Leathphingine, droichead beag gleoite bán d'iarann saoirsithe. Na rudaí a theastaigh uaim a fheiceáil, ní raibh siad níos mó ná 20 nóiméad nó mar sin ó m'óstán, ná óna chéile, agus thaitin an taiscéalaíocht de chois liom. Ní raibh an aimsir ródhona – bhí cara liom, a bhfuil cónaí air sa chathair, ag déanamh iontais den tréimhse neamhghnách ghréine – agus ní raibh aon fhadhb agam ag dul ar strae, mar dá nglacfainn an casadh contráilte thiocfainn ar ais sa deireadh go dtí áit a d'aithin mé.

Chaith mé uair an chloig i mbun tae, cácaí agus seaimpéin i dtolglann Óstán an Shelbourne, tolglann i stíl Victeoiriach atá maisithe go hornáideach agus lán scáthán. Ag breathnú ar mhná, iad gléasta i ngeansaithe agus péarlaí agus ag comhrá os cionn cóipeanna den *Irish Times*, a chaith mé an t-am. Go luath oíche Shathairn ghlac mé misneach agus thug m'aghaidh ar shráideanna cúnga Bharra an Teampaill. "Temple Barf" a deir muintir na háite mar is sa chomharsanacht seo a shroicheann cóisirí na gcoláisteánach a mbuaic. Dealraíonn sé go bhfuil teach tábhairne i ngach dara siopa ann agus an maisiúchán ceannann céanna ar na doirse uile: fear dorais mór bagrach a mbíonn a chloigeann bearrtha aige, cóta mór dubh air agus sreang fóin phóca greamaithe sa chluas aige.

Arna chóiriú as *Frugal Traveller: Hip Cafes, Celtic Art and Bargains in Dublin* le Daisann McLane as The New York Times, 2003.

## Sliocht C

D'fhéach Cathal ar an bhfrog a bhí ceaptha i nglac a lámh aige. D'ísligh sé é féin go mall réidh ar a ghlúine ar an talamh tais bog caonaigh agus d'oscail sé a lámha. Ghearr an frog tri léim fhada isteach i seascann mhuintir Tucker agus d'imigh as amharc de phlab deiridh faoi mhata algaí. Tharraing Cathal anáil fhada, ag cuimilt a lámh ar a bhríste géine dó. Ba bhreá leis boladh na háite seo – ba bhreá leis gach rud faoi, chomh fada agus a bhain sin leis: na crainn sailí mhóra lena ngéaga cromtha agus a stoic chomh mór sin gur ar éigean a shínfeadh a lámha leath na slí thart orthu; na cabhsaí aithnidiúla – geadán cúng de thalamh crua uaireanta, uaireanta eile gan níos mó ná scuaine de thortóga boga ann; na linnte tanaí uisce plódaithe le froganna agus le salamandair. Ach thar aon rud eile ba bhreá leis an mothú draíochta a bhí crochta san aer os cionn an tseascainn, an mothú go raibh rud éigin domhain agus aisteach anseo a bhí ag diúltú don tsibhialtacht.

Bhí an t-aer líonta le dordán na bhfeithidí. Thosaigh muiscít ar pholl a dhruileáil ina mhuineál. Thug sé leadóg uirthi. Nuair a bhain sé a lámh dá mhuineál bhí corp tanaí brúite na feithide ina luí ar a bhos.

Thiontaigh sé thart le himeacht, scamall beag d'fhéileacáin bhuí á chorraí aige de réir mar a bhrúigh sé a bhealach trí phaiste raithní. D'éirigh ceo aníos timpeall a chos, ciflí de ag éirí roimhe mar a bheadh méara ag sméideadh air. Ghabh creathán tríd, bhí aiféala air gur thréig sé a rothar, agus thosaigh sé ag géarú sé ar a shiúl.

Nóiméad ina dhiaidh sin fuair sé é féin ina sheasamh os comhair stóir nach raibh feicthe riamh cheana aige. Ní chuirfeadh sin as dó dá mbeadh cuma úrnua ar an stór. Ach bhí cuma shean ar an stór seo – an-sean leis an bhfírinne a rá – rud a scanraigh beagáinín é. Mar sin féin, bhí an áit chomh fíorspéisiúil sin nárbh fhéidir leis gan druidim suas agus féachaint trína fhuinneog. Bhí an fhuinneog roinnte ina lán ranna beaga ag giotaí tanaí adhmaid, agus bhí sí ag cuaradh amach ó thosach an stóir.

Ar dhul isteach dó chling cloigín beag os a chionn. Bhris meangadh gáire amach ar aghaidh Chathail. Bhí an siopa lán – lán go boimbéal – le stuif iontach. Bhí slabhraí de scaifeanna síoda ar dhath na seod ar crochadh go spéiriúil ón tsíleáil. Bhí gach uile dhromchla – ní hamháin barr na mbord agus barr na gcuntar ach na ballaí agus an chuid is mó den urlár chomh maith – brataithe le mangarae. Ar a dheis chonaic sé balla iomlán cásanna. Bhí colúir agus coiníní i gcuid acu – le tarraingt amach as hataí, a cheap sé. Ach i dtromlach na gcásanna bhí bailiúchán aisteach d'earca, de bhuafa, de nathracha, de sciatháin leathair agus de dhamháin alla. B'fhéidir gurbh as an seascann a bhailigh an fear úd iad, a smaoinigh sé.

Ar a thaobh clé de bhí cás taispeántais déanta de ghloine ina raibh – i measc rudaí eile – pacaí móra cártaí, rugaí Síneacha, buidéil agus prócaí de gach uile chruth agus dhath, cloigne d'ainmhithe éagsúla agus

leabhair bheaga a thug leideanna faoi rúin chianaosta.  Ar cheann eile an cháis bhí cloigeann duine faoin lipéad CLOIGEANN NA FÍRINNE.

Iontach, a cheap Cathal.

I gcúl an tsiopa bhí cuntar fada déanta d'adhmad dorcha.  Bhí dragan mionsonraithe iontach snoite ar a aghaidh.  Bhí scipéad airgid de dhéantús seanfhaiseanta práis ar bharr an chuntair. Ar bharr an scipéid bhí ulchabhán pulctha.  Ar a laghad, cheap Cathal gur pulctha a bhí – go dtí gur thiontaigh sé ina threo, gur chaoch sé, agus gur lig sé sraith de scréacha ísle as.

Arna chóiriú as *The Skull of Truth: A Magic Shop Book* le Bruce Coville. Le caoinchead Aladdin, 1999.

## Sliocht D

Níos luaithe an mhí seo nuair a chuaigh mé ann ar cuairt bhí meirgí dearga fós ar foluain os cionn an mhargaidh ag ceiliúradh chuairt Bhanríon Shasana.  Ba dhuine dá treoraithe í, Síle Nic Giolla Phádraig, bunaitheoir an Alternative Bread Company.  Díolann an comhlacht seo suas le 90 cineál difriúil aráin sa mhargaidh ar Shráid an Chapaill Bháin.

Ag siúl tríd an mhargadh dúinn, chuamar thar meascán suimiúil de ghnóthaí nua–aimseartha: díoltóirí ológ, déantóirí Éireannacha seacláide, búistéirí den seandream agus mangairí éisc a raibh na glúine díobh sa mhargadh.  Tá na mná go láidir anseo. San aimsir Victeoiriach bhí na mná i gceannas ar dhíolachán glasraí agus éanlaithe clóis, agus ba mhná iad trian de na mangairí éisc agus sciar maith de na búistéirí chomh maith.

Chuir Caitlín Ní Chonaill suas a stainnín iasc i 1962, cé gurb iad a mic Pádraig agus Pól atá anois ina bhun. Tá broit ann chomh mór le miasa le haghaidh turcaithe, gliomaigh agus bradáin fhiáine chomh maith. "Ní raibh orm an difear idir na bradáin a mhíniú don Bhanríon," a d'inis Pádraig dom, agus é ag síneadh amach a láimhe os cionn na bhfilléad fiáin tromoráiste agus na bhfilléad mílítheach feirme.  "Tá sin ar eolas aici ón Albain."

Stadamar ag stainnín muc Chaitlín Uí Nuanáin a bunaíodh i 1955 agus a fhreastalaíonn ar dhúil na gCorcaíoch sa chosamar muiceola agus sa "chabhaileog" – lomeasnacha leasaithe.  Stopamar freisin ag stainnín Mhichíl Uí Iarlatha le haghaidh sútha craobh.

"Is féidir dul timpeall ollmhargaidh gan teagmháil súl a dhéanamh le duine ar bith.  Anseo buaileann daoine isteach le haghaidh búis is béadáin i ndiaidh an Aifrinn sa séipéal trasna an bhóthair," a mhíníonn Síle.

Ar stainnín búistéara Ashley Uí Néill, atá ag an teaghlach ó 1926 i leith, tá croíthe mairteola atá chomh mór le liathróid rugbaí, agus bolg muiceola ar an gcnámh.  Tá beirt chailíní ag fiafraí de chúntóir conas drisín a chócaráil; maróg dhubh Éireannach í seo nach féidir cur síos uirthi ach mar mhíníneacht do na saineolaithe amháin.  Díreach le taobh na n-ispíní muiceola tá *kielbasa* agus *boerwors* corntha, na hispíní ón Afraic Theas.  Dealraíonn sé gur meice na n-inimirceach anois í Éire in ionad í a bheith ina preabchlár oll-eisimirce mar a bhíodh tráth.

Tá na comharthaí i siopa glasraí orgánacha Dhónaill Uí Cheallacháin scríofa i bhFraincis, in Araibis, i nGearmáinis, i bPolainnis, i Spáinnis agus i nGaeilge.

Ar ais ar stainnín ABC tá beagnach gach uile rud díolta.  Níl fágtha ach cúpla builín speilte agus roinnt "meilteoirí" áitiúla, troill mhóra ghránna aráin.

Aon rud a bhíonn fágtha, tugtar do chumann na ndaoine gan dídean é. Leath gáire ar bhéal Shíle. "Deirtear liom go mbídís buíoch dínn uair amháin as aon arán a fháil, anois deir siad, 'An bhfuil aon chuid den *focaccia* maróis agaibh?' "

Arna chóiriú as *The Queen's visit to Cork's English Market* le Xanthe Clay as The Telegraph, Lúnasa, 2011.

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2012

# EALAÍN

Dearadh

Ardleibhéal

Tá 100 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 25% de na marcanna iomlána ar an Ealaín.

**Dé Luain, 30 Aibreán – Dé hAoine, 11 Bealtaine** **Maidin, 9.30 – 12.00**

Ba chóir an páipéar seo a thabhairt do na hiarrthóirí **Dé Máirt, 17 Aibreán**

## Treoracha

Tá cead agat do bhileog A2 de sceitsí ullmhúcháin (**bileog amháin**) a thabhairt isteach go dtí an scrúdú mar chúnamh duit i bpróiseas forbartha do dhearaidh. Ní mór do do mhúinteoir ealaíne nó don phríomhoide an bhileog seo a shíniú agus dáta a chur léi **sula dtosaíonn** an scrúdú á dheimhniú gurb é do chuid oibre féin gan chúnamh atá ann.

**Níl cead** agat áiseanna amhairc ar bith sa bhreis air seo (e.g. fótagraif, íomhánna rianaithe ná obair ealaíne atá réidh le húsáid) a thabhairt isteach sa scrúdú d'fhonn iad a chóipeáil nó a úsáid i do mholadh dearaidh deireanach.

Ní cheadaítear ábhair mheatacha orgánacha a úsáid.

Tá cead agat cibé meáin agus uirlisí ealaíne atá oiriúnach a úsáid chun riachtanais an scrúdaithe a chomhlíonadh, e.g. pinn luaidhe, péint, páipéir dhaite, cárta, páipéar rianaithe, ábhair do cholláis nó do mheáin mheasctha, rialóir, T-bhacart, scian, siosúr, gliú, etc.

Scríobh do scrúduimhir agus an leibhéal ar gach bileog.

Scríobh uimhir na ceiste atá roghnaithe agat agus an teideal a ghabhann léi ar gach bileog.

## Céim 1: Bileog de Sceitsí Ullmhúcháin (TAIGHDE)

Ba chóir an bhileog A2 de sceitsí ullmhúcháin a dhéanamh le linn na seachtaine roimh an scrúdú agus ba chóir do chuid **taighde** a bheith ann. Is é is cóir a bheith ann ná rogha de léirthuiscintí pearsanta agus de smaointe a ndearna tú taighde orthu a bhaineann leis an gceist a roghnaigh tú. Tá cead agat nótaí a chur le do chuid oibre. Ná bíodh do chuid oibre ach ar thaobh amháin den bhileog A2. Má úsáideann tú colláis, íomhánna a gearradh amach, fótagraif nó íomhánna rianaithe, ní mór gach saghas oibre dá leithéid **a ghreamú go cothrom** de do bhileog A2 de sceitsí ullmhúcháin.

## Céim 2: Bileog Réamhsceitsí (FORBAIRT) **(20 marc)**

Cuireann tú do bhileog A2 de réamhsceitsí i gcrích le linn an scrúdaithe. Bileog **forbartha** atá anseo inar chóir duit na smaointe atá agat ar do bhileog de sceitsí ullmhúcháin **a iniúchadh**. Ba chóir go mbreithneofá gach gné den dearadh 2T nó 3T de réir mar a oireann siad don cheist atá roghnaithe agat agus fianaise a bheith ann ar fhorbairt shuntasach bhreise ar na smaointe seo. Tá cead agat sceitsí a bhfuil nótaí leo a úsáid chun forbairt do chuid smaointe a léiriú. **Ní mór duit do chuid oibre a dhéanamh go glan díreach ar an mbileog A2 agus gan ach sceitsí amháin a úsáid**, agus iad daite más mian leat. Caillfear marcanna más cóip dhíreach ón mbileog de sceitsí ullmhúcháin a dhéanann tú. Ná bíodh do chuid oibre ach ar thaobh amháin den bhileog A2.

## Céim 3: Moladh Dearaidh Deireanach **(80 marc)**

Is le linn an scrúdaithe a chuirtear do mholadh dearaidh deireanach i gcrích. Ba chóir duit eolas ar bith a mheasann tú a bheith riachtanach chun do mholadh dearaidh deireanach a chur in iúl, a chur san áireamh agus tagairt ar leith a dhéanamh do ghnéithe amhairc, feidhmiúla agus ábhartha na ceirde a roghnaigh tú, seachas d'aird a dhíriú go hiomlán ar shaothar ealaíne a chur ar fáil a mbeidh bailchríoch den scoth air.

***Ag deireadh an scrúdaithe tabharfar clúdach bán duit a mbeidh ort iad seo a leanas a chur ann:***

Do Bhileog A2 de **Sceitsí Ullmhúcháin**

Do Bhileog A2 de **Réamhsceitsí**

**Do Mholadh Dearaidh Deireanach.**

# Sleachta Tuairisciúla

**Sliocht A**
Eachtra é ar bhealach, odaisé é ar bhealach eile, agus is cinnte gur pribhléid é, agus is eispéireas umhlaíochta é ar bhealaí éagsúla cuairt ar Sceilg Mhichíl, a bhí tráth ina lonnaíocht dhiantréanach mhainistreach san Atlantach, agus atá anois ina suíomh Oidhreachta Domhanda amach ó chósta Chontae Chiarraí.

Seachas misneach, fís agus seiftiúlacht na máistirthógálaithe sin, na manaigh ársa, tá an t-aigéan é féin i gceist freisin. Féadann tonn na farraige a bhíonn feargach go minic timpeall an dá oileáin – taobh le Sceilg Mhichíl tá daingean carraigeach atá ina thearmann éan, atá níos lú fós ná Sceilg Mhichíl agus níos deacra a bhaint amach – a bheith ina dhúshlán ag an mbádóir, ag an oilithreach, ag an seandálaí, ag an bhfairtheoir éan, ag an duine a bhfuil suim aige/aici i dtithe solais agus ag an turasóir araon.

Cé nach bhfuil ach achar gearr i gceist, féadann an turas báid a mhaireann 90 nóiméad a bheith cosúil go maith le purgadóir de bharr mhúch fhairsing an innill díosail, chomh maith leis an bhfarraige scaobach a bheith ag éirí agus ag titim gan staonadh. Bíonn na faoileáin ag screadach agus iad ag magadh sa spéir thuas, áthas orthu go bhfuil tinneas farraige ar phaisinéirí éagsúla; dá mhéad acu a bhíonn tinn is ea is fearr é chomh fada is a bhaineann sé leis na héin.

Comhairle áisiúil is ea breathnú ar bhun na spéire, ach d'fhéadfadh sin a bheith deacair agus an bád ag turraingeáil agus ag tarraingt. Bíonn an chuma ar na Scealga go mbíonn siad ag teacht is ag imeacht agus iad ag snámh. Péire bagrach iad ar dtús, cosúil le heití siorcanna, sula mbuaileann sé an breathnóir sa deireadh go bhfuil siad cosúil le péire ardeaglaisí go dtí gur léir ar deireadh iad mar atá siad, ina ndaingin aduaine mhórga. Bíonn tá an chuma ar an oileán beag, an Sceilg Bheag, go mbíonn sí ag preabarnach leis na mílte éan beo beathach, gainéid go háirithe.

Ní oileán parthais rómánsúil é seo ina bhfaighidh tú murlaigh scáthaithe, lochanna fionnuisce agus crainn torthaí. Níl aon chrainn ann, agus seachas na héin iontacha atá ina laochra ina gceart féin, tá an t-oileán mar an chuma atá air – cnap carraige é agus péire beann air, é sásta a bheith ag spreagadh spéis daoine gan fáilte a chur rompu.

Má dhreapann tú go dtí na laftáin is airde ar an mBinn ghuaiseach ó Dheas, tá radhairc iontacha le feiceáil. I bhfad thíos, cosúil le bréagán a bhfuil dearmad déanta air, tá teach solais nach bhfuil in úsáid a thuilleadh. Bíonn an áit seo sa ghlóir sa solas sin is aoibhinn le péintéirí tráthnóna feothanach go déanach sa samhradh, ach caithfidh sé go raibh sé ina ifreann sceirdiúil sa ghaoth agus sa bháisteach fheanntach le linn stoirmeacha an gheimhridh, gan d'fhothain ann ach an chloch fhliuch. Rinne na Lochlannaigh níos mó ná ionsaí amháin ar an Sceilg, ach ba mhó agus ba leanúnaí an namhaid í an aimsir.

Ba chuma liom an uair seo nach raibh puifíní ann: cé go bhfuil siad séimh agus sámh, baineann na dathanna atá orthu de shollúntacht an tsuímh. Tá tuilleadh céimeanna ann níos faide suas ar an mala agus ansin, ar dhul isteach trí thollán sa bhalla coinneála, tá an lonnaíocht romhat, agus mothú sin an mhuintearais air. Tá an chuma ar an gcros chloiche is airde, cloch an tsagairt, go bhfuil sí i gceannas ar an suíomh, go háirithe ar reilig na manach ina bhfuil bailiúcháin de chrosa ina gceartseasamh ina ngrúpa, an chuma orthu agus an oíche ag titim go bhfuil siad ag iompú ina ngrúpa manach agus iad ag breathnú amach ar an bhfarraige.

Tar éis oíche a chaitheamh ar an gcarraig i gceann de na botháin a úsáideann foireann Oifig na nOibreacha Poiblí, bhí an t-ádh orm an cónaitheoir is caolchúisí ar an Sceilg a fheiceáil – éan an anró, peadairín na stoirme – an t-éan mara is lú san Eoraip nach dtagann i dtír ach amháin le pórú. Téann sí i bhfolach i rith an lae agus beireann aon ubh amháin sna ballaí cloiche, taobh istigh den mhainistir go minic. Bhí ceann de na clocháin choirceogacha in úsáid mar naíolann do shicín láidir na Cánóige Duibhe. Carachtar beag clúmhach ciotach a bhí ann, ach chuir sé go leor muiníne ionainn le ligean dúinn é a chuimilt. Ach tá éin an anró difriúil, lena gcaoineadh cnúdánach casachtach aisteach. I gcoinne spéir dhubh dhorcha na hoíche ba mhó dá ngluaiseacht a bhí le haireachtáil ná dá bhfoirm.

Athchóirithe as *Skelligs* le Eileen Battersby, *The Irish Times*.

**Sliocht B**
A mhuintir an Domhain, ná bíodh eagla oraibh. Táimid ag teacht faoi shíocháin – agus cén fáth nach dtiocfaimis? Mar is col ceathracha sinn; bhíomar anseo cheana.

Aithneoidh sibh muid nuair a chasaimid lena chéile, i gceann cúpla uair an chloig. Táimid ag teacht i dtreo an ghrianchórais beagnach chomh tapa leis an teachtaireacht raidió seo. Tá do ghrian le feiceáil go soiléir cheana féin sa spéir os ár gcomhair. Is í an ghrian chéanna í a bhíodh i bpáirt ag ár sinsir-ne agus bhur sinsir-ne deich milliún bliain ó shin. Is fir sinn, cosúil libhse; ach tá dearmad déanta agaibh ar bhur stair, agus ag an am céanna is cuimhin linne an stair seo againne.

Rinneamar an Domhan a choilíniú, i ré na reiptílí móra, a bhí ag fáil bháis nuair a thángamar agus nach rabhamar in ann a shábháil. Ba phláinéad trópaiceach an Domhan agaibhse an uair sin, agus cheapamar go mbeadh sé oiriúnach

mar bhaile dár muintir. Rinneamar botún. Cé go rabhamar i gceannas ar an spás, ní raibh mórán eolais againn ar chúrsaí aeráide, ar an éabhlóid, ar chúrsaí géiniteacha …

Ar feadh na milliún samhradh – ní raibh aon gheimhreadh ann sna seanlaethanta ársa sin – bhí an choilíneacht faoi bhláth. Cé go raibh sí iargúlta toisc go raibh sí i gcruinne ina nglacann sé na blianta taisteal ó réalta amháin go réalta eile, d'fhan an choilíneacht i dteagmháil lena máthairshibhialtacht. A trí nó a ceathair d'uaireanta gach céad, thagadh longa réaltaí agus nuacht acu faoin réaltra. Ach dhá mhilliún bliain ó shin, thosaigh an domhan ag athrú. Ar feadh na gcianta ba pharthas trópaiceach é; ansin thit an teocht, thosaigh an t-oighear ag snámh anuas ó na poil. De réir mar a d'athraigh an aeráid, d'athraigh na coilínigh freisin. Tuigimid anois gur oiriúnú nádúrtha a bhí ann le deireadh an tsamhraidh fhada.

Leis an deighilt d'eascair an t-éad, an t-easaontas, agus i ndeireadh na dála, an choimhlint. De réir mar a thit an choilíneacht as a chéile agus de réir mar a d'éirigh an aeráid níos measa, iad siúd a bhí in ann ón Domhan, d'éalaigh siad. Ghéill an chuid eile don bharbarachas.

D'fhéadfaimis coinneáil i dteagmháil lena chéile, ach tá an t-uafás le déanamh i gcruinne ina bhfuil céad trilliún réalta. Go dtí cúpla bliain ó shin, ní raibh a fhios againn gur mhair aon duine agaibh. Ansin d'aimsíomar na chéad chomharthaí raidió uaibh, d'fhoghlaimíomar bhur dteangacha simplí, agus fuaireamar amach gur éirigh libh teacht slán ón mbarbarachas. Táimid ag teacht chun bualadh libh, na gaolta a chailleamar i bhfad ó shin – agus chun cabhrú libh.

D'aimsíomar a lán le linn na n-aeón ó theitheamar ón Domhan. Más mian linn go dtabharfaimis ar ais an samhradh síoraí a bhí ann roimh na hOighearaoiseanna, is féidir linn é a dhéanamh.

Seans go bhfuil a rás rite – ach mura bhfuil, tá dea-scéal againn daoibh. A mhuintir an Domhain, is féidir libh páirt a ghlacadh athuair i sochaí na cruinne, gan náire ná ceann faoi a bheith oraibh.

Athchóirithe as *Reunion* le Arthur C. Clarke.

**Sliocht C**

Tá bolaithe áirithe ann a bhíonn ag glioscarnach agus a imíonn go tapa; cosúil le broidearnach an fhorchraicinn chitris nó le cuimhne gheal an mhionta. Tá cuid acu ina n-amhrán aduain síréana agus foinse níos ainimhe leo, iad ag glaoch ó na sailchuacha atá i bhfolach sa choill, nó ó na feileastraim tar éis bháisteach an earraigh. Scaoileann bolaithe áirithe fuadar de chuimhní leathdhearmadta. Agus ansin tá na bolaithe a mbíonn an chuma orthu go bhfuil siad ag insint na fírinne faoi dhaoine agus faoi áiteanna nach ndearna tú dearmad orthu riamh: na bolaithe a chuireann an t-am ina stad. Is é sin an rud a chiallaíonn Lavande de Nuit, cumhrán Mharthe, domsa. Os cionn an chéad bholadh de phlúr na gréine a thagann as, de réir mar a éiríonn boladh na halmóinne agus na sceiche gile aníos, iompraíonn sé radhairc agus fuaimeanna, blasanna agus mothúcháin, a scaoiltear as a chéile: na páirceanna den lus liath, brioscaí agus siúcra ina phúdar ar a mbarr, bláthanna fiáine i móinéir, an ghaoth ag canadh sna crainn, na clabhstraí d'ológa airgid agus iad ag caochaíl, an gairdín agus é fós te ag meánoíche, agus boladh milis muscach na scéalta rúin. Is é an cumhrán sin bun agus barr mo shaoil. Nuair a fhaighim a bholadh, táim deich mbliana d'aois arís, i mo luí san fhéar in Les Genévriers, lá de na laethanta sin go luath sa samhradh nuair a théann na chéad ghaotha séasúracha ón Deisceart an talamh agus nuair a éiríonn an t-aer níos boige agus dea-gheallúnach. Táim fiche bliana d'aois, mé ag caitheamh siar mo chuid gruaige fada agus ag siúl go foluaineach i dtreo mo leannáin. Táim tríocha, daichead, caoga, seasca bliain d'aois agus tá scanradh orm…. Conas a d'fhéadfadh boladh scanradh a chur orm?

Tá na carraigeacha dearglasta os cionn na farraige, sméaróidí de theas an lae thíos faoinár mbalcóin san Hotel Marie. Thíos anseo, in imeall deisceartach na tíre, ar shiúl ó chúlsruth an Mistral, tá an tráthnóna ag titim ar nós leacht slaodach: go mall agus go trom agus go ciúin. Nuair a thángamar anseo ar dtús, ní rabhamar in ann codladh leis an mbrothall plúchtach; tháinig an oíche inár dtimpeall mar a bheadh claibín ar thuama. Anois, sa chúpla uair an chloig codlata a fhaighim, bím ag brionglóideach faoi gach rud atá fágtha inár ndiaidh againn: an ghráig ar an gcnoc agus na crainn ag sioscadh. Ansin, de gheit, táim i mo dhúiseacht arís, ag cuimhneamh siar.

Ní féidir linn an Fhrainc a fhágáil agus, toisc nach bhfuil aon áit níos fearr le dul againn, táimid fós anseo. Nuair a shocraíomar anseo ar dtús, ceartlár an tsamhraidh a bhí ann. Sa solas lonrach, bhí luaimh bhána ghalánta ag gearradh sruthanna stiúrach ina ngréasa muileata san fharraige dhúghorm ina raibh siad ag súgradh. Agus coirp a bhí smeartha le hola á róstadh féin ar ghaineamh meala órga. Féilte snagcheoil agus iad go holagónach sioncóipithe ar feadh an chósta. Maidir linne, lean na laethanta gan áireamh leo go neamhshonrach. Sa villa seo de chuid an belle époque, teach a bhí lán tráth d'uabhar an tsaoil, ina shuí ar lomán carraigeach timpeall an chinn tíre ó Bhá Cassis, thángamar ar chomhréiteach gearrthréimhseach. Bíonn an dinnéar againn i gcaife ar an trá. Ní fios cén fad eile a bheidh sé oscailte. Is ar éigean a labhraímid agus sinn ag ól fíona agus ag piocadh ar na hológa.

Athchóirithe as *The Lantern,* Deborah Lawrenson

**Roghnaigh ceann amháin de na roghanna dearaidh atá liostaithe thíos.**
**Ní mór nasc díreach a dhéanamh idir do dhearadh agus an sliocht tuairisciúil atá i gceist, agus a bhrí agus a chiall a léiriú.**

**1. Litreoireacht agus Peannaireacht**

Cruthaigh dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Léarscáil ina bhfuil léaráidí chun turasóirí a threorú chuig Sceilg Mhichíl agus chuig na suímh atá luaite i Sliocht A.

(b) An clúdach ar iris maidir leis an réalteolaíocht, mar atá luaite i Sliocht B.

(c) Póstaer a fhógraíonn an cumhrán a bhfuil cur síos air i Sliocht C.

B'fhearr litreoireacht phearsantaithe lámhdhéanta, rindreáilte. Tá cead agat oibriú de réir scála. Ba chóir duit toisí a thaispeáint agus eolas cuí a thabhairt maidir le do rogha clóghrafaíocht, spásáil agus leagan amach, agus maidir leis an gcaoi a dtáirgfear do dhearadh. Tá cead agat íomhánna, móitífeanna ornáideacha, focail thromchiallacha agus litreoireacht a bheith ann.

**2. Líonóilghearradh agus Priontáil**

Cruthaigh dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Léaráid don chlúdach ar leabhar faoi Shuímh Oidhreachta in Éirinn. Bíodh Sliocht A mar ábhar spreagtha agat.

(b) Léaráid bunaithe ar na híomhánna a bhfuil cur síos orthu i Sliocht B.

(c) Léaráid don chlúdach ar Chlár Féile. Bíodh na híomhánna i Sliocht C mar ábhar spreagtha agat.

Ba chóir go léireodh do dhearadh tuiscint chuimsitheach ar airíonna an líonóilghearrtha agus na priontála, a gcuid féidearthachtaí agus a gcuid srianta. Ba chóir duit dearadh a dhéanamh do phrionta ar aon dath amháin **nó** do phrionta a bhfuil dhá dhath ar a laghad ann. Ba chóir go léireodh do dhearadh críochnaithe eolas cuí faoin gcaoi a dtáirgfear do dhearadh, dathdhealuithe (más cuí) san áireamh agus na saghsanna éagsúla gearrthacha atá le húsáid.

**3. Fabraicphriontáil**

Cruthaigh dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Athphatrún bunaithe ar an gcur síos ar an bhfiadhúlra a luaitear i Sliocht A.

(b) Taipéis bhalla le crochadh ar an mbealach isteach i músaem eolaíochta, bunaithe ar Shliocht B.

(c) Athphatrún leath-thite bunaithe ar aon cheann de na híomhánna i Sliocht C.

Ba chóir go mbeadh do dhearadh oiriúnach do bhaitíc, do bhlocphriontáil, do scáthlánphriontáil nó do stionsalphriontáil ar fhabraic nó ar ábhar oiriúnach ar bith eile. Ba chóir duit trí dhath ar a laghad a úsáid agus féidearthachtaí dearaidh na forphriontála a chur san áireamh. Tá cead agat oibriú de réir scála agus ba chóir duit toisí a thaispeáint agus eolas cuí a thabhairt faoin gcaoi a dtáirgfear do dhearadh.

**4. Bróidnéireacht**

Cruthaigh dearadh a bheadh oiriúnach do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Painéal bróidnithe bunaithe ar an ailtireacht a luaitear i Sliocht A.

(b) Píosa de dhealbhóireacht bhog thríthoiseach bunaithe ar aon cheann de na híomhánna i Sliocht B.

(c) Painéal bróidnithe bunaithe ar na híomhánna i Sliocht C.

Tá cead agat oibriú de réir scála agus ba chóir duit toisí a thaispeáint agus eolas cuí a thabhairt maidir leis an gcaoi a dtáirgfear do dhearadh. Bíodh eolas san áireamh agat maidir le do rogha ábhar, greamanna, maisiú coirníneach agus na teicníochtaí atá le húsáid chun do dhearadh a chur i gcrích.

**5. Fíodóireacht**

Cruthaigh dearadh a bheadh oiriúnach do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Taipéis bhalla bunaithe ar an gcur síos ar aon cheann de na híomhánna a luaitear i Sliocht A.

(b) Taipéis fhite bunaithe ar Shliocht B.

(c) Teicstíl fhite bunaithe ar Shliocht C.

Ba chóir go gcuirfí san áireamh i do dhearadh na féidearthachtaí dearaidh a bhaineann le dathanna agus le huigeacht agus go dtabharfaí eolas faoin bhfí agus faoi na hábhair atá le húsáid. Tá cead agat oibriú de réir scála agus ba chóir go dtaispeánfá toisí agus eolas cuí faoin gcaoi a dtáirgfear do dhearadh.

**6. Criadóireacht**

Cruthaigh dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Soitheach bunaithe ar Sceilg Mhichíl mar atá luaite i Sliocht A.

(b) Painéal rilífe bunaithe ar Shliocht B.

(c) Píosa de dhealbhóireacht cheirmeach bunaithe ar Shliocht C.

Tá cead agat oibriú de réir scála agus ba chóir go dtaispeánfá toisí agus go dtabharfá eolas cuí faoi na teicníochtaí atá le húsáid chun do dhearadh a chur i gcrích. Tabhair sonraí faoi na glónraí agus faoin maisiúchán atá le húsáid.

**7. Puipéadracht**

Bunaithe ar a bhfuil léite agat sna sleachta tuairisciúla, dear puipéad gléasta do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) An Lochlannach – Sliocht A.

(b) An Coilíneach – Sliocht B.

(c) An Duine ina luí faoin nGrian – Sliocht C.

Ta cead agat dearadh a dhéanamh do phuipéad lámhainne, do phuipéad slaite nó do phuipéad ar iall. Tá cead agat oibriú de réir scála agus ba chóir duit toisí a thaispeáint. Léirigh an chaoi a gcuirfear an puipéad le chéile agus an chaoi a bhfeidhmeoidh sé. Tabhair sonraí maidir le hábhair atá le húsáid agus maidir leis na teicníochtaí maisiúcháin atá le húsáid chun do dhearadh a chur i gcrích.

**8. Leabharcheardaíocht**

Cruthaigh dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Fillteán bosca chun earraí cuimhneacháin a choinneáil ann ó do thuras go Sceilg Mhichíl a luaitear i Sliocht A.

(b) Comhad infhairsingithe chun íomhánna a choinneáil ann, bunaithe ar Shliocht B.

(c) Fillteán doiciméad a choinneodh na nótaí a bhreac an scríbhneoir i Sliocht C.

Tá cead agat oibriú de réir scála. Ba chóir go dtaispeánfaí toisí ar do dhearadh críochnaithe, agus sonraí maidir leis na hábhair, na ceangail / na snaidhmeanna / an fearas dúnta, na samhlaoidí / an maisiúchán agus / nó an litreoireacht atá oiriúnach don rogha atá déanta agat.

**9. Dearadh Fógraíochta**

Bunaithe ar a bhfuil léite agat sna sleachta tuairisciúla, cruthaigh dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Bróisiúr nó bileoigín a fhógraíonn an turas go Sceilg Mhichíl a bhfuil cur síos air i Sliocht A.

(b) Dearadh do chlár fógraí ag fógairt taispeántas eolaíochta. Bíodh Sliocht B mar ábhar spreagtha agat.

(c) Lógó don chaife a luaitear i Sliocht C.

Ba chóir go dtaispeánfaí toisí ar an dearadh críochnaithe agus go dtabharfaí eolas cuí maidir leis an gcaoi a dtáirgfear é.

**10. Múnlóireacht agus Snoíodóireacht**

Cruthaigh dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Painéal rilífe le suí ar an mbealach isteach sa Suíomh Oidhreachta a luaitear i Sliocht A.

(b) Píosa de dhealbhóireacht saorsheasaimh thríthoiseach le suí os comhair músaem eolaíochta. Bíodh Sliocht B mar ábhar spreagtha agat.

(c) Píosa de dhealbhóireacht le suí os comhair na farraige. Bíodh Sliocht C mar ábhar spreagtha agat.

Tá cead agat dearadh a dhéanamh don mhúnlóireacht, don tsnoíodóireacht nó do theicníocht tógála chuí ar bith. Ba chóir duit oibriú de réir scála, toisí a thaispeáint agus eolas cuí a thabhairt maidir leis na hábhair agus na teicníochtaí a úsáidfear chun do dhearadh a chur i gcrích.

**11. Seiteanna Stáitse**

Cruthaigh dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Taispeántas tríthoiseach a chuireann turais bháid chuig na Scealga chun cinn. Bíodh Sliocht A mar ábhar spreagtha agat.

(b) Seit scannáin do radharc amháin i scannán ficsean eolaíochta, bunaithe ar Shliocht B.

(c) Dearadh seit d’fhógra teilifíse do chumhrán Francach, bunaithe ar Shliocht C.

Ba chóir duit oibriú de réir scála, toisí a thaispeáint, agus eolas cuí a thabhairt maidir leis na hábhair agus maidir leis an gcaoi a dtógfar do dhearadh.

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2012**

# EALAÍN

## Sceitseáil Bheo-Ábhair

Ardleibhéal

Tá 50 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 12.5% den mharc iomlán ar an Ealaín

**Dé Luain, 30 Aibreán – Dé hAoine, 11 Bealtaine**

**Tráthnóna 2.00 – 3.00**

Tá an páipéar seo le tabhairt do na hiarrthóirí **Dé Máirt, 17 Aibreán**

## Treoracha do Mhúinteoirí Ealaíne agus d'Fheitheoirí

Dhá sceitse den chuspa atá sa scrúdú. Staidiúir a mhairfidh cúig nóiméad déag atá sa chéad sceitse. Líníocht a mbeidh bailchríoch níos iomláine uirthi de staidiúir a mhairfidh timpeall tríocha nóiméad atá sa dara sceitse.

**Ní gá don chuspa éadaí ar leith a chaitheamh.**

**Tá na frapaí seo a leanas ag teastáil:**
- **scaif fhada**
- **bosca nó carn leabhar atá tuairim is 25 cm ar airde**
- **cathaoir.**

Beidh cead ag an gcuspa idir deich agus cúig nóiméad déag a ghlacadh mar thréimhsí sosa le linn an scrúdaithe. Socrófar iad mar a iarrtar iad. Cuirtear na tréimhsí sosa san áireamh san uair an chloig san iomlán atá ceadaithe don scrúdú.

Tá cead ag iarrthóirí leanúint orthu ag obair ar a gcuid líníochtaí le linn thréimhsí sosa an chuspa agus le linn an tsosa idir na staidiúirí.

Níl cead ag níos mó ná deichniúr a bheith le haon chuspa amháin agus iad i mbun líníochta. Más mian leo, tá cead ag iarrthóirí suí níos cóngaraí don chuspa le linn an dara staidiúir.

## Treoracha d’iarrthóirí

Ní mór duit **dhá** líníocht a dhéanamh den chuspa mar seo a leanas:

(a) Staidiúir 15 nóiméad a bhfuil cur síos uirthi sa scrúdpháipéar seo a bheidh sa chéad cheann, **(a) An Chéad Staidiúir,** agus ní mór líníocht den fhíor iomlán a tharraingt.

(b) Líníocht a mbeidh bailchríoch níos iomláine uirthi den staidiúir a bhfuil cur síos uirthi sa scrúdpháipéar seo, a bheidh sa dara ceann, **(b) An Dara Staidiúir.** 30 nóiméad a mhairfidh an staidiúir. Tá cead agat an fhíor iomlán **nó** an cloigeann agus na guaillí / leathfhíor a roghnú.
N.B. Má roghnaíonn tú an cloigeann agus na guaillí / an leathfhíor a dhéanamh, meabhraítear duit **nach leor** an cloigeann agus an muineál amháin a tharraingt. Ní mór duit an staidiúir a tharraingt mar atá sí socraithe agus an cloigeann, an muineál, na guaillí agus na géaga uachtair ar a laghad a bheith san áireamh.

- Ní mór duit an líníocht a tharraingt ó bheith ag breathnú go díreach ar an gcuspa (radharc ar an aghaidh nó ar an taobh).
- Tá cead agat leanúint ort ag obair ar do líníocht le linn thréimhsí sosa an chuspa agus le linn an tsosa idir na staidiúirí.
- Méid an pháipéir: A2.
- Más mian leat páipéar eile a úsáid seachas an páipéar a sholáthraítear, ní mór don fheitheoir an bhileog pháipéir sin a shíniú **sula dtosaíonn** an scrúdú á dheimhniú go bhfuil sí folamh.
- Ní mór bileog ar leith a úsáid do gach staidiúir.
- Scríobh do scrúduimhir agus leibhéal an scrúdaithe go soiléir ar gach bileog.
- Tá cead agat aon mheán oiriúnach líníochta a úsáid, dath san áireamh. Ní mór don mheán a roghnaíonn tú triomú go tapa, áfach.
- Is féidir leat breacléiriú a thabhairt ar an gcúlra.
- **Ná déan** do shaothar críochnaithe **a bhearradh ná a fheistiú.**

## (a) An Chéad Staidiúir – Fad ama 15 nóiméad (20 marc)

**Ba chóir go mbeadh an cuspa ina s(h)easamh agus**

- na cosa scartha óna chéile beagán
- meáchan an choirp anuas ar an gcos dheas
- an cloigeann tiontaithe beagán ar clé
- scaif thart faoina m(h)uinéal
- an lámh chlé ag coinneáil dhá thaobh na scaife le chéile ar leibhéal an uchta
- an lámh dheas ar an gcromán deas.

## (b) An Dara Staidiúir – Fad ama 30 nóiméad (30 marc)

**Ba chóir go mbeadh an cuspa ina s(h)uí ar an gcathaoir agus**

- na cosa ar an mbosca nó ar an gcarn leabhar
- an corp cromtha chun tosaigh agus an dá uillinn ar na glúine
- dhá thaobh na haghaidhe á gcoinneáil in airde ar bhosa na lámh
- caol an dá lámh ag teagmháil le chéile
- an cloigeann ag breathnú roimhe amach.

Leathanach Bán

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2012

# EALAÍN

## Stair agus Léirthuiscint na hEalaíne

### Ardleibhéal

Tá 150 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 37.5% de na marcanna iomlána ar an Ealaín.

**Déardaoin, 14 Meitheamh    Tráthnóna, 2.00 – 4.30**

## Treoracha

Freagair **trí** cheist mar seo a leanas: ceist amháin as Roinn I (An Ealaín in Éirinn), ceist amháin as Roinn II (Ealaín na hEorpa: 1000AD – An Lá Inniu), agus ceist amháin as Roinn III (Léirthuiscint na hEalaíne).

Tá na ceisteanna uile ar cómharc (50).

Ba chóir sceitsí agus léaráidí a úsáid chun do chuid pointí a léiriú.

Déan tagairt, de réir mar a chuirtear sin in iúl, do na ***léaráidí atá ar an mbileog a ghabhann leis an bpáipéar seo***.

# ROINN I – An Ealaín in Éirinn

**1.** Déan cur síos agus plé ar an bhforbairt a rinneadh ar shnoíodóireacht chloiche in Éirinn idir an Tréimhse Mheigiliteach agus an Iarannaois. Bíodh tagairt mhionsonraithe agat i do fhreagra do shamplaí ainmnithe agus don fhoirm, don mhaisiúchán agus do na teicníochtaí a úsáideadh chun iad a tháirgeadh.
**agus**
Déan plé achomair ar fheidhmeanna na samplaí atá roghnaithe agat.
*Léirigh do fhreagra.*

**2.** Ainmnigh agus pléigh an dá earra ***atá léirithe ar an mbileog leis seo***. Bíodh tagairt agat i do fhreagra dá bhfeidhm, do na bunábhair, do na scileanna agus do na teicníochtaí maisiúcháin.
**agus**
Tabhair breac-chuntas ar dhá chineál eile miotalóireachta ón tréimhse seo.
*Léirigh do fhreagra.*

**3.** Freagair (a), (b) agus (c).
(a) Ainmnigh an dá Ardchros ***atá léirithe ar an mbileog leis seo***, agus déan cur síos agus plé orthu. Bíodh tagairt agat don fhoirm, don dearadh iomlán agus don mhaisiúchán, agus do theicníochtaí na snoíodóireachta cloiche.
(b) Déan plé mion ar an gcaoi ar láimhseáladh an fhíor dhaonna ar an dá chros seo.
(c) Tabhair breac-chuntas ar fheidhm na hArdchroise.
*Léirigh do fhreagra.*

**4.** Freagair (a), (b) agus (c).
(a) Roghnaigh ceann amháin de na foirgnimh seo a leanas agus ainmnigh an t-ailtire:
- Teach Russborough, Co. Chill Mhantáin
- Teach Bhaile an Chaisleáin, Co. Chill Dara
- Teach Chathair na Mart, Co. Mhaigh Eo.

(b) Déan cur síos agus plé ar an bhfoirgneamh atá roghnaithe agat agus bíodh tagairt agat dá stíl agus dá thréithe ailtireachta.
(c) Pléigh go hachomair an chaoi ar chuir an fearann páirce mórthimpeall leis an gcaoi a ndeachaigh an teach mór tuaithe Seoirseach i bhfeidhm ar an tsúil.
*Léirigh do fhreagra.*

**5.** Tá **"Clann Lir"** le hOisín Kelly (1915-1981) ***léirithe ar an mbileog leis seo***. Déan cur síos agus plé ar an saothar seo agus bíodh tagairt agat don ábhar, don chomhdhéanamh, agus do na tionchair ealaíne.
**agus**
Ainmnigh agus pléigh go hachomair saothar amháin eile le hOisín Kelly.
*Léirigh do fhreagra.*

**6.** Roghnaigh **duine amháin** díobh seo a leanas:

- Roderic O'Conor (1860 – 1940)
- Paul Henry (1876 – 1958)
- Louis Le Brocquy (1916 – 2012)
- Brian Maguire (b. 1951)
- Gwen O'Dowd (b. 1957)
- Willie Doherty (b. 1959)
- Philip Treacy (b.1967).

Déan cur síos agus plé ar shaothar an ealaíontóra/dearthóra atá roghnaithe agat agus déan tagairt mhionsonraithe do dhá shaothar ar leith. Bíodh tagairt agat don stíl, don ábhar, do na bunábhair/meáin, do na teicníochtaí agus do na tionchair.
*Léirigh do fhreagra.*

**7.** Déan cur síos agus plé ar an bpíosa dealbhóireachta ***atá léirithe ar an mbileog leis seo***. Bíodh tagairt mhionsonraithe agat don fhoirm, do na bunábhair, don stíl, do na teicníochtaí agus do na rudaí a chuirtear san áireamh maidir leis an suíomh cois bóthair ina bhfuil sé.
**agus**
Pléigh go hachomair an ról atá ag an dealbhóireacht chun maise a chur ar chóras bóithre na hÉireann.

## ROINN II – Ealaín na hEorpa (1000 AD – An Lá inniu)

**8.** Ainmnigh agus pléigh go mionsonraithe an dá phíosa dealbhóireachta ***atá léirithe ar an mbileog leis seo***, agus tú ag tagairt do na tréimhsí ina ndearnadh iad, do na téamaí, don chomhdhéanamh agus don stíl atá acu.
**agus**
Pléigh go hachomair an ról a bhí ag an dealbhóireacht in eaglais/ardeaglais mheánaoiseach ainmnithe a ndearna tú staidéar uirthi.
*Léirigh do fhreagra.*

**9.** Feictear an chaoi a láimhseálann Masaccio (1401-1428) an pheirspictíocht agus an mhúnlóireacht thríthoiseach in "**Airgead na Cíoschánach**" ***atá léirithe ar an mbileog leis seo***.
Déan plé ar shaothar Masaccio agus tagairt mhionsonraithe agat d'Airgead na Cíoschánach, don tréimhse ina ndearnadh é, don ábhar, don chomhdhéanamh, do na bunábhair agus do na teicníochtaí a úsáideadh chun é a dhéanamh.
**agus**
Ainmnigh agus pléigh go hachomair ealaíontóir amháin eile ón tréimhse seo.
*Léirigh do fhreagra.*

**10.** Déan cur síos agus plé ar dhá shaothar ainmnithe a léiríonn an méid a chuir Leonardo da Vinci (1452-1519) le forbairt na péintéireachta. Bíodh tagairt agat i do fhreagra don tréimhse ina raibh sé ag obair, don ábhar/téama, don chomhdhéanamh, don teicníocht agus do láimhseáil na fíorach daonna.
**agus**
Ainmnigh agus pléigh go hachomair ealaíontóir amháin eile a bhaineann le tréimhse an Ard-Renaissance.
*Léirigh do fhreagra.*

**11.** Leis an staidéar a rinne Caravaggio (1573-1610) ar an réaltacht in éineacht leis an úsáid a bhain sé as an solas agus as an scáth, cruthaíodh atmaisféar mothúchánach drámata ina shaothar. Pléigh an ráiteas seo, agus ainmnigh an ***léaráid atá ar an mbileog leis seo***. Bíodh tagairt agat don léaráid, don tréimhse ina ndearnadh í, don stíl, don chomhdhéanamh agus do láimhseáil na mbunábhar.
**agus**
Ainmnigh agus pléigh go hachomair saothar amháin eile le Caravaggio.
*Léirigh do fhreagra.*

**12.** Is téama í atá le fáil go minic i saothar J. M. W. Turner (1775-1851) an spéis a bhí aige in aimsir dhrámata. Déan plé ar an ráiteas seo agus tú ag tagairt don **"Stoirm Sneachta"** ***atá léirithe ar an mbileog leis seo***, don tréimhse ina ndearnadh í, don stíl, don chomhdhéanamh agus do láimhseáil na mbunábhar.
**agus**
Ainmnigh agus pléigh go hachomair saothar amháin eile le Turner.
*Léirigh do fhreagra.*

**13.** Ghlac Claude Monet (1840-1926) agus Auguste Renoir (1841-1919) leis na prionsabail ghinearálta a bhain leis an Impriseanachas agus ag an am céanna d'fhorbair siad a stíl phearsanta féin.
Pléigh an ráiteas seo agus tú ag tagairt do thréithe an Impriseanachais agus do phictiúr ainmnithe amháin le gach ealaíontóir díobh.
**agus**
Ainmnigh ealaíontóir Impriseanaíoch eile agus déan cur síos achomair ar shaothar ainmnithe amháin de chuid an ealaíontóra sin.
*Léirigh do fhreagra*.

**14.** Freagair (a), (b) agus (c).

(a) Roghnaigh agus ainmnigh saothar a luíonn le ceann amháin de na catagóirí seo a leanas:
- saothar a bhfuil capall nó capaill ann
- foirgneamh le Filippo Brunellischi (1377-1446)
- saothar le Ghiberti (1378-1455)
- saothar dealbhóireachta le Auguste Rodin (1840-1917).

(b) Pléigh go mion an saothar atá roghnaithe agat, agus tú ag tagairt don ealaíontóir/ailtire, don stíl, don chomhdhéanamh/don dearadh, do na bunábhair, don teicníocht agus don tréimhse ina ndearnadh é.

(c) Ainmnigh saothar amháin eile leis an ealaíontóir/ailtire atá roghnaithe agat agus déan cur síos agus plé achomair air.

*Léirigh do fhreagra*.

**15.** Déan cur síos mion ar phríomhthréithe ceann **amháin** díobh seo a leanas:

- Dealbhóireacht Bharócach
- Péintéireacht Seánra
- Ealaín Rocócó
- Art Nouveau.

**agus**

Déan cur síos agus plé achomair ar shaothar ainmnithe amháin le healaíontóir a bhfuil a s(h)aothar ina shampla tipiciúil den stíl nó den ghluaiseacht atá roghnaithe agat.
*Léirigh do fhreagra.*

## ROINN III – Léirthuiscint na hEalaíne

**16.** Tá raon leathan d'íomhánna ealaíne, ceardaíochta, dearaidh agus oidhreachta ar fáil ar an idirlíon anois. An bhfuil tábhacht a thuilleadh le cuairt a thabhairt ar ghailearaithe/ar mhúsaeim/ar shuímh oidhreachta chun léirthuiscint a fháil ar shaothair den sórt sin? Tabhair cúiseanna le do fhreagra agus bíodh tagairt agat do shamplaí ón idirlíon agus do dhá shaothar ar leith as taispeántas ainmnithe ar thug tú cuairt air.
*Léirigh do fhreagra.*

**17.** Cuirtear gnéithe físe agus teicniúla na scannánaíochta le chéile chun an lucht féachana a mhealladh chun "éalú ón saol réadúil" le linn an scannáin, á dtabhairt go ré/aois eile, go háit eile agus fiú go domhan eile.
Déan plé ar an ráiteas seo agus tú ag tagairt do scannán ainmnithe ar bith ar bhain tú taitneamh as, ag leagan béime ar choincheapa físe na dteicníochtaí scannánaíochta a chuir leis an éalú seo ón saol réadúil.
*Léirigh do fhreagra.*

**18.** Lainseáil Banc Ceannais na hÉireann bonn comórtha €10 airgid atá ***léirithe ar an mbileog leis seo***. Déan plé mionsonraithe ar na príomhrudaí ba chóir a chur san áireamh agus bonn comórtha den sórt sin á dhearadh.
**agus**
Tabhair breac-chuntas ar do smaointe dearaidh féin le haghaidh bonn euro airgid a chomórann tionscal feirmeoireachta **nó** oidhreacht ailtireachta na hÉireann.
*Léirigh do fhreagra.*

**19.** Bíonn dúshláin roimh chuid mhór daoine a bhíonn ag obair ón mbaile nuair a bhíonn oifig oibre á cur isteach acu i dteach de ghnáthmhéid. Déan cur síos agus plé mionsonraithe ar na rudaí ba chóir a chur san áireamh sa dearadh agus sa leagan amach nuair a bhíonn oifig bhaile dá leithéid á cruthú.
**agus**
Pléigh go hachomair na hathruithe a bheadh le déanamh in áiteanna eile sa teach chun soláthar do dhuine atá ag obair ón mbaile.
*Léirigh do fhreagra.*

**20.** An siopa seanbhunaithe cúinne agus an gnólacht beag faoi úinéireacht teaghlaigh, is cuid iad de charachtar ár mbailte agus ár sráidbhailte. Déan plé ar an ráiteas seo agus tú ag tagairt do bhaile nó do shráidbhaile de do rogha féin agus don suíomh, agus do na gnéithe lasmuigh agus laistigh de shiopa/gnólacht den chineál sin.
**agus**
Pléigh go hachomair an chaoi a bhféadfadh tionchar a bheith ag "preabshiopaí" in ionaid lárnacha ar charachtar fisiúil baile nó sráidbhaile.

**Leathanach Bán**

# Leathanach Bán